Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Deireadh Fómhair 2024 (OR. en)**

**14765/24**

**STATIS 112**
**ECOFIN 1182**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 184/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le tagairtí d'aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>– Rún gan agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe |

1. An 2 Meán Fómhair 2024, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 184/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le tagairtí d'aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (13036/24 + ADD 1), i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 290 CFAE agus le hAirteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 184/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Eanáir 2005 maidir le staidreamh Comhphobail a bhaineann le comhardú íocaíochtaí, le trádáil idirnáisiúnta seirbhísí agus le hinfheistíocht dhíreach choigríche.

2. Tar éis don Choimisiún fógra a thabhairt faoin ngníomh tarmligthe thuasluaite agus faoin Iarscríbhinn a ghabhann leis an 2 Meán Fómhair 2024, féadfaidh an Chomhairle agóid a dhéanamh ina choinne go dtí an 2 Nollaig 2024, i gcomhréir le hAirteagal 10(6) de Rialachán (CE) Uimh. 184/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Eanáir 2005 maidir le staidreamh Comhphobail a bhaineann le comhardú íocaíochtaí, le trádáil idirnáisiúnta seirbhísí agus le hinfheistíocht dhíreach choigríche.

3. Le linn nós imeachta an tosta laistigh den Mheitheal um Staidreamh, a chuaigh in éag an 30 Meán Fómhair 2024, níor chuir aon toscaireacht in iúl go raibh rún aici agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe.

4. Moltar, dá bhrí sin, go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle a dhearbhú nach bhfuil rún ar bith aici cur i gcoinne an ghnímh tharmligthe agus go gcuirfear an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin méid sin. Ciallaíonn sé sin, mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agóid ina choinne, go bhfoilseofar an gníomh tarmligthe, mar aon leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 10(6) de Rialachán (CE) Uimh. 184/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Eanáir 2005 maidir le staidreamh Comhphobail a bhaineann le comhardú íocaíochtaí, le trádáil idirnáisiúnta seirbhísí agus le hinfheistíocht dhíreach choigríche.